# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

Eagrán Speisialta *

12 Eanáir 2017

An t-eagrán Gaeilge


## Faisnéis agus Fógraí

V *Fógairtí*

NÓSANNA IMEACHTA RIARACHÁIN

**Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EPSO)**


Fógra comórtas oscailte EUIPO/AD/01/17 — Riarthóirí (AD 6) agus EUIPO/AST/02/17 — Cúntóirí (AST 3) i réimse na maoine intleachtúla . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 1



GA

* Faoin tagairt C 9 A a foilsíodh ábhar an eagráin seo i dteangacha oifigiúla eile an Aontais Eorpaigh.

V

*(Fógairtí)*

# NÓSANNA IMEACHTA RIARACHÁIN

# OIFIG EORPACH UM ROGHNÚ FOIRNE (EPSO)

## FÓGRA COMÓRTAS OSCAILTE

**EUIPO/AD/01/17 — Riarthóirí (AD 6) agus**

**EUIPO/AST/02/17 — Cúntóirí (AST 3)**

**i réimse na maoine intleachtúla**

***Ní foláir clárú faoin sprioc-am seo: 14 Feabhra 2017 ar 12 a chlog (meán lae), Am Lár na hEorpa (CET)***

Tá an Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EPSO) ag eagrú comórtais oscailte ar bhonn cáilíochtaí agus trialacha chun painéil a thiomsú as a ndéanfaidh Oifig Maoine Intleachtúla an Aontais Eorpaigh (EUIPO) baill nua den tseirbhís shibhialta a earcú mar ***"riarthóirí"*** agus mar ***"chúntóirí"*** (Grúpaí Feidhme AD agus AST faoi seach) in Alicante na Spáinne.

An líon iarrthóirí atá á lorg don phainéal:

| | |
|---|---|
| **EUIPO/AD/01/17:** | **70** |
| **EUIPO/AST/02/17:** | **75** |

Is iad an fógra comórtas seo agus na hiarscríbhinní a ghabhann leis creat dlí ceangailteach na bpróiseas roghnúcháin seo.

Tá na rialacha ginearálta maidir le comórtais oscailte le fáil in IARSCRÍBHINN III.

### DUALGAIS AN PHOIST

Na hoifigigh a earcófar, glacfaidh siad páirt i ngníomhaíochtaí a bhaineann le trádmharcanna an Aontais Eorpaigh (EUTM) agus dearaí Comhphobail cláraithe (RCD) a chosaint, nó cuirfidh siad tacaíocht ar fáil chuige sin. Is féidir, freisin, go n-iarrfar orthu páirt a ghlacadh i ngníomhaíochtaí comhair agus comhchuibhithe in éineacht leis na hoifigí maoine intleachtúla náisiúnta nó réigiúnacha san Aontas Eorpach, agus a bheith ag obair leis na príomhoifigí maoine intleachtúla lasmuigh den Aontas agus le hoifigigh agus comhpháirtithe i dtíortha eile. San Fhaireachlann Eorpach um Shárú ar Chearta Maoine Intleachtúla, ar cuid de EUIPO í, is féidir go n-iarrfar ar na hoifigigh cúraimí a dhéanamh d'fhonn tacú le gníomhaíochtaí de chuid na n-údarás náisiúnta, na hearnála príobháidí, agus institiúidí an Aontais arb é is aidhm dóibh comhrac a chur ar sháruithe ar chearta maoine intleachtúla.

Tá tuilleadh eolais in IARSCRÍBHINN I faoi phríomhdhualgais an phoist.

**NA COINNÍOLLACHA INCHÁILITHEACHTA**

Ní mór d'iarrthóirí na coinníollacha seo UILE a chomhlíonadh nuair a bheidh siad ag bailíochtú a n-iarratais:

| | |
|---|---|
| Coinníollacha ginearálta | — A gcearta mar shaoránach de Bhallstát den Aontas Eorpach a theachtadh<br><br>— Aon oibleagáidí i dtaca le seirbhís mhíleata atá orthu de réir an dlí náisiúnta a chomhlíonadh<br><br>— Na riachtanais charachtair a chomhlíonadh a theastaíonn chun dualgais an phoist a dhéanamh |
| Coinníollacha sonracha: teangacha | — Teanga 1: leibhéal C1 ar a laghad i gceann amháin de 24 theanga oifigiúla an Aontais Eorpaigh<br><br>— Teanga 2: Leibhéal B2 sa Bhéarla, sa Fhraincis, sa Ghearmáinis, san Iodáilis, nó sa Spáinnis; ní féidir teanga 1 a roghnú mar theanga 2<br><br>— *Tá tuilleadh eolais i dtaobh leibhéil teanga i gComhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha*<br><br>(https://europass.cedefop.europa.eu/resources/european-language-levels-cefr)<br><br>***Ní foláir an Béarla, an Fhraincis, an Ghearmáinis, an Iodáilis nó an Spáinnis a roghnú mar theanga 2***.<br><br>***Ní mór an fhoirm iarratais a líonadh isteach sa teanga a roghnóidh tú mar theanga 2.***<br><br>Is iad an ***Béarla, an Fhraincis, an Ghearmáinis, an Iodáilis agus an Spáinnis*** teangacha oifigiúla oibre EUIPO.<br><br>Le Rialachán (CE) Uimh. 207/2009 ón gComhairle an 26 Feabhra 2009 maidir le trádmharc an Aontais Eorpaigh, arna leasú le Rialachán (AE) 2015/2424 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2015, bunaíodh EUIPO mar ghníomhaireacht de chuid an Aontais Eorpaigh, gníomhaireacht a bhfuil neamhspleáchas dlí, riaracháin agus airgeadais aici.<br><br>Le hAirteagal 119(2) de Rialachán (CE) Uimh. 207/2009 ón gComhairle leagtar síos riachtanais shonracha teanga EUIPO: is iad an Béarla, an Fhraincis, an Ghearmáinis, an Iodáilis agus an Spáinnis teangacha EUIPO.<br><br>Dearbhaítear freisin le hAirteagail 97 agus 98 de Rialachán (CE) Uimh. 6/2002 ón gComhairle an 12 Nollaig 2001 maidir le dearaí Comhphobail, dearbhaítear úsáid na dteangacha sin mar theangacha nósanna imeachta in imeachtaí atá os comhair EUIPO.<br><br>Dá bhrí sin, bíodh a fhios ag iarrthóirí gur i gcomhréir leis na Rialacháin sin agus le leas na seirbhíse a socraíodh na teangacha is féidir a roghnú mar dhara sna comórtais seo. |
| Coinníollacha sonracha: cáilíochtaí agus taithí oibre | **EUIPO/AD/01/17 — RIARTHÓIRÍ (AD 6)**<br><br>— Leibhéal oideachais is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile ***a mhair 3 bliana ar a laghad***, ar baineadh dioplóma amach dá bharr, agus ***3 bliana ar a laghad de thaithí oibre a fuarthas ina dhiaidh sin***, ar leibhéal iomchuí, i réimse na maoine intleachtúla, a bhaineann le dualgais an phoist. |

| | |
|---|---|
| | **EUIPO/AST/02/17 — CÚNTÓIRÍ (AST 3)**<br>— Oideachas iar-mheánscoile ar baineadh dioplóma amach dá bharr agus ***3 bliana ar a laghad de thaithí oibre a fuarthas ina dhiaidh sin***, ar leibhéal iomchuí, i réimse na maoine intleachtúla, a bhaineann le dualgais an phoist.<br>**nó**<br>— Oideachas meánscoile ar baineadh dioplóma amach dá bharr lenar féidir leanúint ar aghaidh go dtí an t-oideachas iar-mheánscoile, agus ***6 bliana ar a laghad de thaithí oibre a fuarthas ina dhiaidh sin*** i réimse na maoine intleachtúla, a bhaineann le dualgais an phoist.<br>Tá samplaí d'íoscháilíochtaí in IARSCRÍBHINN IV. |

**CONAS A DHÉANFAR AN ROGHNÚ**

1) ***Réamhroghnú ar bhonn cáilíochtaí:***

I dtús báire, déanfar coinníollacha incháilitheachta gach comórtais a sheiceáil trí scrúdú a dhéanamh ar an eolas a thug na hiarrthóirí ar fad san iarratas ar líne.

Ansin, ***i gcás na n-iarrthóirí incháilithe a roghnaíodh, agus ina gcás siúd amháin***, déanfar an roghnú ar bhonn cáilíochtaí i bhfianaise an eolais a thug na hiarrthóirí faoin gclib "an scagthóir buanna" (DE: *Talentfilter*; EN: *talent screener*; ES: *evaluador de talentos*; FR: *évaluateur de talent*; IT: *valutazione dei talenti*) san fhoirm iarratais. Tabharfaidh an bord roghnúcháin ualú (ó 1 go dtí 3) do gach ***critéar roghnúcháin***, ualú a léiríonn tábhacht an chritéir sin le hais na gcritéar eile agus tabharfar idir 0 agus 4 phointe do gach freagra a thug an t-iarrthóir.

Ansin, iolróidh an bord roghnúcháin na pointí faoin ualú atá ag gach critéar, agus suimeoidh siad iad lena fháil amach cé na daoine is mó atá in oiriúint do dhualgais an phoist.

Tá an liosta critéar do gach próifíl in IARSCRÍBHINN II.

2) ***An tIonad Measúnaithe***

***Trí oiread, ar a mhéad***, an lín iarrthóirí atá á lorg don phainéal i ngach comórtas, sin é an líon iarrthóirí a dtabharfar cuireadh chun na céime seo dóibh Má bhíonn an marc a ghnóthóidh tú sa roghnú ar bhonn cáilíochtaí ar cheann de na ***marcanna foriomlána is airde***, tabharfar cuireadh duit freastal ar ionad measúnaithe ar feadh lá amháin nó dhá lá agus trialacha a dhéanamh sna teangacha a roghnaigh tú ***mar theanga 1 agus mar theanga 2***. Is é is dóichí gur sa ***Bhruiséil*** a bheidh an chéim sin ar siúl.

Is éard a bheidh le déanamh san ionad measúnaithe sraith de thrialacha ceisteanna ilrogha ar ríomhaire agus de thrialacha inniúlachtaí, faoi mar atá léirithe thíos.

Ag seo leagan amach na dtrialacha ceisteanna ilrogha ar ríomhaire:

| Triail | Teanga | Líon ceisteanna | Fad ama | Pasmharc |
|---|---|---|---|---|
| Réasúnaíocht bhriathartha | Teanga 1 | 20 ceist | 35 nóiméad | 10/20 |
| Réasúnaíocht uimhriúil | Teanga 1 | 10 gceist | 20 nóiméad | An réasúnaíocht uimhriúil agus an réasúnaíocht theibí le chéile: 10/20 |
| Réasúnaíocht theibí | Teanga 1 | 10 gceist | 10 nóiméad | |

Trialacha díbeartha is ea na trialacha thuasluaite agus ní chuirfear na marcanna a ghnóthófar iontu leis na marcanna a ghnóthófar sna trialacha san ionad measúnaithe.

San ionad measúnaithe déanfar seacht gcinn d'inniúlachtaí ginearálta a thástáil i gcás an chomórtais AST agus ocht gcinn d'inniúlachtaí ginearálta i gcás an chomórtais AD, agus ina theannta sin, déanfar na hinniúlachtaí sonracha a thástáil don dá chomórtas. Déanfar sin le ***5 thriail***, sa teanga a roghnóidh tú ***mar theanga 2*** (agallamh ar bhonn na n-inniúlachtaí ginearálta, triail an inbhosca ríomhphoist, agallamh ar bhonn na n-inniúlachtaí sonracha, cleachtadh i ngrúpa agus cás-staidéar):

| ***Inniúlacht*** | ***Triail*** | |
|---|---|---|
| 1. Anailísiú agus réiteach fadhb-anna | Inbhosca ríomhphoist | Cleachtadh i ngrúpa |
| 2. Cumarsáid | Triail scríofa | Agallamh ar bhonn na n-inniúlachtaí ginearálta |
| 3. Cáilíocht agus torthaí | Inbhosca ríomhphoist | Agallamh ar bhonn na n-inniúlachtaí ginearálta |
| 4. Foghlaim agus forbairt | Cleachtadh i ngrúpa | Agallamh ar bhonn na n-inniúlachtaí ginearálta |
| 5. Tosaíochtaí a chur in ord tábhachta agus eagrúchán | Inbhosca ríomhphoist | Cleachtadh i ngrúpa |
| 6. Buanseasmhacht | Cleachtadh i ngrúpa | Agallamh ar bhonn na n-inniúlachtaí ginearálta |
| 7. Obair bhuíne | Inbhosca ríomhphoist | Cleachtadh i ngrúpa |
| 8. Ceannaireacht ***(i gcás EUIPO/AD/01/17 amháin)*** | Cleachtadh i ngrúpa | Agallamh ar bhonn na n-inniúlachtaí ginearálta |
| Pasmharcanna (EUIPO/AST/02/17) | 3/10 i ngach inniúlacht agus 35/70 san iomlán | |
| Pasmharcanna (EUIPO/AD/01/17) | 3/10 i ngach inniúlacht agus 40/80 san iomlán | |

| ***Inniúlacht*** | ***Triail*** |
|---|---|
| Inniúlachtaí sonracha | Agallamh ar bhonn na n-inniúlachtaí sonracha |
| Pasmharc | 50/100 |

3) ***An painéal***

I ndiaidh dó doiciméid tacaíochta na n-iarrthóirí a sheiceáil, tiomsóidh an bord roghnúcháin ***painéal***, do gach comórtas, de na hiarrthóirí incháilithe a bhfuil na marcanna foriomlána is airde acu i ndiaidh an ionaid measúnaithe, go dtí go sroichfear an líon iarrthóirí atá á lorg don phainéal. Is in ord aibítre a bheidh na hainmneacha ar an bpainéal.

**CATHAIN IARRATAS A DHÉANAMH AGUS CONAS É A DHÉANAMH**

Is féidir iarratas a dhéanamh ar shuíomh gréasáin EPSO (http://jobs.eu-careers.eu), faoin sprioc-am seo:

***14 Feabhra 2017 ar 12 a chlog (meán lae), Am Lár na hEorpa (CET).***

*IARSCRÍBHINN I*

**DUALGAIS**

**EUIPO/AD/01/17 — RIARTHÓIRÍ (AD 6)**

Is féidir go mbeidh siad seo ar phríomhdhualgais an phoist:

— comhaid a scrúdú a bhaineann le dlí na maoine intleachtúla, dlí an Aontais maidir le trádmharcanna agus dearaí go príomha, i gcomhréir le rialacha, nósanna imeachta agus caighdeáin cháilíochta, beartais atá ann cheana a léirmhíniú agus an dlí a fhorghníomhú;

— cinntí nóis imeachta agus substainte a dhréachtú ag an gcéad chéim nó ag céim an achomhairc, réamh-ullmhúchán ar nós taighde agus anailís cásdlí san áireamh;

— páipéir beartais, treoirlínte agus téacsanna casta eile a bhaineann le maoin intleachtúil a anailísiú, a ullmhú agus a dhréachtú;

— comhairle a thabhairt i réimse na maoine intleachtúla chun tacú le príomhghníomhaíochtaí EUIPO;

— cúraimí a dhéanamh a bhaineann leis an bhFaireachlann Eorpach um Shárú ar Chearta Maoine Intleachtúla;

— gníomhaíochtaí a dhéantar i gcomhar le geallsealbhóirí agus an caidreamh le geallsealbhóirí a bhainistiú;

— tionscadail nó cláir a bhainistiú laistigh de réimse na maoine intleachtúla;

— ionadaíocht a dhéanamh do EUIPO i ndíospóidí maoine intleachtúla;

— páirt a ghlacadh i ndíospóidí i réimse na maoine intleachtúla;

— faisnéis agus sonraí i ndáil le cearta maoine intleachtúla a bhailiú, a anailísiú agus a scaipeadh;

— páirt a ghlacadh i gcomhordú, i maoirsiú agus i meantóireacht ball foirne.

**EUIPO/AST/02/17 — CÚNTÓIRÍ (AST 3)**

Is féidir go mbeidh siad seo ar phríomhdhualgais an phoist:

— scrúdú a dhéanamh ar iarratais ar thrádmharc an Aontais Eorpaigh: forais absalóideacha le diúltú a thabhairt; foirmiúlachtaí (earraí agus seirbhísí a aicmiú faoi Aicmiú Nice san áireamh); sinsearachtaí agus tosaíochtaí; leasuithe; cinntí gaolmhara a ullmhú;

— nósanna imeachta a bhaineann le cásanna cur in aghaidh agus cealaithe a láimhseáil ó chéim na hinghlacthachta go dtí céim na sáraíochta; srianta agus tarraingtí siar; cinntí gaolmhara a ullmhú;

— scrúdú a dhéanamh ar iarratais ar dhearaí Comhphobail: foirmiúlachtaí, (táirgí a aicmiú faoi Aicmiú Locarno san áireamh); tosaíochtaí; leasuithe; cinntí gaolmhara a ullmhú;

— nósanna imeachta maidir le cásanna neamhbhailíochta deartha a láimhseáil;

— scrúdú a dhéanamh ar iarratais agus cláruithe idirnáisiúnta i leith trádmharcanna nó dearaí; cinntí gaolmhara a ullmhú;

— nósanna imeachta maidir le cásanna achomhairc a láimhseáil;

— iontrálacha a láimhseáil sa chlár um thrádmharcanna an Aontais Eorpaigh agus dearaí Comhphobail;

— tacú le gníomhaíochtaí a bhaineann le cearta maoine intleachtúla, cuir i gcás seirbhísí lóistíochta agus seirbhísí teanga, e. g. profléamh, foilsiú, clárú, scrúdú comhad, coinneáil ar bun bunachar sonraí; cuardaigh; íocaíocht táillí a láimhseáil;

— tacú le tionscadail chomhair agus chóineasaithe i réimse na maoine intleachtúla;

— tacú le gníomhaíochtaí a bhaineann leis an bhFaireachlann Eorpach um Shárú ar Chearta Maoine Intleachtúla;

— faisnéis a thabhairt d'úsáideoirí ar thrádmharcannna an Aontais Eorpaigh agus ar dhearaí Comhphobail agus tuairiscí i leith na nithe sin a ullmhú.

Féach go laghdóidh tábhacht na gcúraimí cléireachais sna próisis sin uile de réir a chéile, de bharr an uathoibrithe, agus san am céanna go méadóidh ar thábhacht dualgas substainte.

Deireadh IARSCRÍBHINN I. Cliceáil anseo chun filleadh ar an bpríomhthéacs.

*IARSCRÍBHINN II*

**CRITÉIR ROGHNÚCHÁIN**

*Déanfaidh an bord roghnúchán na critéir seo a leanas a chur san áireamh agus an roghnú ar bhonn cáilíochtaí á dhéanamh:*

**EUIPO/AD/01/17 — RIARTHÓIRÍ (AD 6)**

1. Taithí oibre ar chinntí maidir le forais absalóideacha le diúltú trádmharcanna a dhréachtú, cinntí maidir le cásanna achomhairc san áireamh.

2. Taithí oibre ar chinntí a dhréachtú maidir le forais choibhneasta le diúltú (le cur in aghaidh) trádmharcanna, cinntí maidir le cásanna achomhairc san áireamh.

3. Taithí oibre ar chinntí maidir le cealú trádmharcanna a dhréachtú, cinntí maidir le cásanna achomhairc san áireamh.

4. Taithí oibre ar chinntí maidir le cásanna neamhbhailíochta dearaidh a dhréachtú, cinntí maidir le cásanna achomhairc san áireamh.

5. Taithí oibre ar chomhairle dlí a thabhairt i leith cearta maoine intleachtúla agus ionadaíocht a dhéanamh do pháirtithe nó do chliaint i ndíospóidí maidir le cearta maoine intleachtúla (seachas dlíthíocht os comhair cúirteanna).

6. Taithí oibre ar dhlíthíocht a dhéanamh os comhair cúirte, i réimse na maoine intleachtúla.

7. Taithí oibre ar fhaisnéis agus sonraí a bhailiú, a anailísiú agus a scaipeadh, ar uirlisí agus córais faisnéise teicneolaíochta a cheapadh agus a fhorbairt i réimse na gceart maoine intleachtúla.

8. Taithí oibre ar threoirlínte agus páipéir beartais a ullmhú agus a dhréachtú agus ar ullmhú agus dréachtú den saghas sin a comhordú.

9. Taithí oibre ar dhíospóidí i réimse na maoine intleachtúla a réiteach.

10. Taithí oibre ar fhorbairt, cur chun feidhme nó bainistiú tionscadal agus/nó clár um chomhar, cinn idirnáisiúnta nó cinn de chuid an Aontais, i réimse na maoine intleachtúla, gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin agus feasachta san áireamh.

11. Taithí oibre ar mhaoirsiú, ar mheantóireacht agus ar threorú.

12. Taithí ar a bheith ag obair i dtimpeallacht oibre ilchultúrtha nó idirnáisiúnta.

13. Eolas, a bhfuil cruthúnas air, ar cheann amháin nó níos mó de 24 theanga oifigiúla an Aontais Eorpaigh sa bhreis ar an eolas ar an dá theanga a iarrtar le cur isteach ar an gcomórtas (leibhéal B2 ar a laghad i gComhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (https://europass.cedefop.europa.eu/resources/european-language-levels-cefr).

**EUIPO/AST/02/17 — CÚNTÓIRÍ (AST 3)**

1. Taithí oibre ar iarratais ar thrádmharcanna a scrúdú, ullmhú cinntí gaolmhara san áireamh.

2. Taithí oibre ar iarratais ar dhearaí a scrúdú, ullmhú cinntí gaolmhara san áireamh.

3. Taithí oibre ar nósanna imeachta maidir le cur in aghaidh agus/nó cealú agus/nó neamhbhailíocht agus/nó achomhairc a láimhseáil, ullmhú cinntí gaolmhara san áireamh.

4. Taithí oibre ar nósanna imeachta a bhaineann le foirmiúlachtaí ceart maoine intleachta (amach ó thrádmharcanna agus dearaí) a scrúdú nó a láimhseáil, ullmhú cinntí gaolmhara san áireamh.

5. Taithí oibre ar a bheith ag plé le hiontrálacha i gclár oifigiúil maoine intleachtúla, ullmhú cinntí gaolmhara san áireamh.

6. Taithí oibre ar ghníomhaíochtaí tacaíochta a bhaineann le cearta maoine intleachtúla, cuir i gcás seirbhísí lóistíochta agus seirbhísí teanga, e.g. profléamh, foilsiú, clárú, scrúdú comhad, coinneáil ar bun bunachar sonraí; cuardaigh; íocaíocht táillí a láimhseáil.

7. Taithí oibre ar thacú le tionscadail agus/nó cláir um chomhar, cinn idirnáisiúnta nó cinn de chuid an Aontais, i réimse na maoine intleachtúla, gníomhaíochtaí forfheidhmiúcháin agus feasachta san áireamh.

8. Taithí oibre ar chúnamh a thabhairt agus comhaid a bhainistiú do pháirtithe nó do chliaint i réimse na gceart maoine intleachtúla.

9. Taithí oibre ar ábhar a dhréachtú a bhaineann le réimse na gceart maoine intleachtúla (gan na saghsanna cúraimí a luaitear in 1–5 a áireamh).

10. Taithí oibre ar a bheith ag plé le fiosruithe ó úsáideoirí/cliaint i réimse na maoine intleachtúla, agus faisnéis a thabhairt dóibh.

11. Taithí ar a bheith ag obair i dtimpeallacht oibre ilchultúrtha nó idirnáisiúnta.

12. Eolas, a bhfuil cruthúnas air, ar cheann amháin nó níos mó de 24 theanga oifigiúla an Aontais Eorpaigh sa bhreis ar an eolas ar an dá theanga a iarrtar le cur isteach ar an gcomórtas (leibhéal B2 ar a laghad i gComhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha (https://europass.cedefop.europa.eu/resources/european-language-levels-cefr).

Deireadh IARSCRÍBHINN II. Cliceáil anseo chun filleadh ar an bpríomhthéacs.

*IARSCRÍBHINN III*

**NA RIALACHA GINEARÁLTA MAIDIR LE COMÓRTAIS OSCAILTE**

Gach áit a ndéantar tagairt don fhirinscne i bpróiseas roghnúcháin de chuid EPSO, glactar leis gur ag tagairt don fhirinscne agus don bhaininscne atáthar.

CLÁR ÁBHAIR

*Leathanach*

1. NA DAOINE AR FÉIDIR LEO IARRATAS A DHÉANAMH xx ..... 10
   1.1. Inniúlachtaí ginearálta ..... 10
   1.2. Coinníollacha ginearálta ..... 11
   1.3. Coinníollacha sonracha ..... 11
   1.4. Eolas ar theangacha ..... 12
2. CONAS IARRATAS A DHÉANAMH ..... 12
   2.1. Na trialacha idirghníomhacha a dhéanamh ..... 12
   2.2. Cuntas EPSO a chruthú ..... 12
   2.3. Iarratas ar líne a dhéanamh ..... 12
   2.4. Comhdheiseanna agus socruithe speisialta ..... 13
3. PRÓISEAS ROGHNÚCHÁIN ..... 13
   3.1. An bord roghnúcháin ..... 13
   3.2. Trialacha réamhroghnúcháin ilrogha ar ríomhaire ..... 14
   3.3. Seiceálacha incháilitheachta ..... 14
   3.4. Roghnú ar bhonn cáilíochtaí (*Talent Screener*) ..... 15
   3.5. Trialacha idirmheánacha ..... 15
   3.6. An t-ionad measúnaithe/céim an mheasúnaithe ..... 15
   3.7. Dearbhú incháilitheachta ..... 16
4. IARRTHÓIRÍ AR ÉIRIGH LEO/EARCÚ ..... 16
   4.1. An painéal ..... 16
   4.2. An pas inniúlachtaí ..... 17
5. CUMARSÁID ..... 17
   5.1. Cumarsáid a dhéanamh le EPSO ..... 17
   5.2. Cumarsáid a dhéanamh le boird roghnúcháin ..... 17
   5.3. Cosaint sonraí ..... 17
   5.4. Rochtain ar fhaisnéis ..... 17
   5.5. Faisnéis a nochtar go huathoibríoch ..... 18
   5.6. Faisnéis a iarraidh ..... 18

*Leathanach*

6. GEARÁIN . . . . . 18

6.1. Teagmháil a dhéanamh le EPSO . . . . . 18

6.2. Deacrachtaí teicniúla . . . . . 19

6.3. Earráidí sna ceisteanna ilrogha ar ríomhaire . . . . . 19

6.4. Iarrataí ar athbhreithniú . . . . . 19

6.5. Gearáin riaracháin . . . . . 20

6.6. Achomhairc bhreithiúnacha . . . . . 20

6.7. An tOmbudsman Eorpach . . . . . 21

6.8. Dícháiliú . . . . . 21

## RÉAMHRÁ

Is trí chomórtais oscailte ar cuid díobh scrúduithe iomaíochta a earcaíonn institiúidí an Aontais Eorpaigh a gcuid oifigeach, agus dá bharr sin cinntítear cóir chomhionann agus roghnú ar bhonn buanna, agus tugtar an deis do gach iarrthóir incháilithe a chuid inniúlachtaí a léiriú.

Is é **EPSO (an Oifig Eorpach um Roghnú Foirne)**, a mbíonn gach gné d'eagrú na gcomórtas oscailte de chúram air, agus na **boird roghnúcháin**, a shocraíonn na trialacha, a fhaomhann a bhfuil iontu agus a mheasann na hiarrthóirí, a fhéachann in éineacht chuig roghnú na n-oifigeach nua. An prionsabal ginearálta atá mar bhonn faoin gcóras sin gur cheart cinntí roghnúcháin a dhéanamh go neamhspleách agus gan aon tionchar míchuí á imirt orthu.

## 1. NA DAOINE AR FÉIDIR LEO IARRATAS A DHÉANAMH

### 1.1. **Inniúlachtaí ginearálta**

Is éard a bhíonn á lorg ag institiúidí an Aontais iarrthóirí éirimiúla tionscantacha, a bhfuil ardcháilíochtaí acu sa réimse i gceist, agus a bhfuil na hinniúlachtaí ginearálta seo thíos go háirithe acu:

— **anailísiú agus réiteach fadhbanna:** an cumas príomhphointí ceisteanna casta a aithint agus réitigh atá cruthaitheach, soiléir agus praiticiúil a cheapadh;

— **cumarsáid:** an cumas cumarsáid chruinn shoiléir a dhéanamh, ó bhéal agus i scríbhinn;

— **cáilíocht agus torthaí:** an cumas freagracht phearsanta a ghlacadh agus a bheith tionscantach d'fhonn obair d'ardchaighdeán a dhéanamh, de réir na nósanna imeachta atá leagtha síos;

— **foghlaim agus forbairt:** an cumas scileanna pearsanta agus eolas ar an eagraíocht agus ar an láthair oibre a shealbhú agus a fheabhsú;

— **tosaíochtaí a chur in ord tábhachta agus eagrúchán:** an cumas cúraimí a chur in ord tábhachtachta, oibriú go solúbtha, agus an t-ualach oibre a eagrú go héifeachtúil;

— **buanseasmhacht:** an cumas a bheith éifeachtach, fiú amháin nuair atá ualach mór oibre ann, deacrachtaí eagraíochtúla a shárú ar dhóigh dhearfach agus na hathruithe is gá a dhéanamh chun a bheith i gcónaí in oiriúint don timpeallacht oibre;

— **obair bhuíne:** comhoibriú le daoine eile i meithleacha agus le daoine a bhaineann le seirbhísí eile, agus urraim a thabhairt do na difríochtaí a bhíonn idir daoine; agus

— **cumas ceannaireachta** (riarthóirí amháin): an cumas daoine a bhainistiú, a chothú agus a spreagadh sa chaoi is go mbainfidh siad a gcuid spriocanna amach.

1.2. **Coinníollacha ginearálta**

Bíonn na coinníollacha ginearálta incháilitheachta a leanas i bhfeidhm i ngach comórtas oscailte, ach amháin sa chás go luaitear díolúintí sonracha san fhógra comórtais (e.g. i gcás tír atá i ndiaidh teacht isteach san Aontas); Ní mór do gach iarrthóir:

— a chearta uile mar shaoránach de Bhallstát den Aontas Eorpach a theachtadh;

— aon oibleagáid dlí atá air i dtaca le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta aige; agus

— na riachtanais charachtair a chomhlíonadh a theastaíonn chun dualgais an phoist a dhéanamh.

An t-aon teorainn aoise atá ann le hiarratas a dhéanamh ar chomórtas oscailte an aois scoir atá leagtha síos d'oifigigh an Aontais sna Rialacháin Foirne (féach suíomh gréasáin EPSO: www.eu-careers.eu).

Ní mór d'iarrthóirí doiciméad oifigiúil a sholáthar a chruthaíonn a náisiúntacht, e.g. pas, cárta aitheantais, agus **ní mór an doiciméad sin a bheith bailí an sprioc-am le hiarratais a dhéanamh**. Is iondúil nach mbíonn doiciméad tacaíochta de dhíth i leith an dá phointe eile atá luaite thuas go dtí céim na hearcaíochta.

1.3. **Coinníollacha sonracha**

Bíonn na coinníollacha sonracha maidir le cáilíochtaí agus taithí oibre éagsúil ó phróifíl go chéile; is san fhógra comórtais a bhíonn na nithe sin leagtha síos. San iarratas, ba cheart duit a oiread eolais is féidir a thabhairt i dtaobh do cháilíochtaí agus do thaithí oibre (nuair a iarrtar sin), sa chaoi is go mbeidh an bord roghnúcháin in ann a ábhartha atá siad do dhualgais an phoist a mheas.

(a) **Dioplómaí agus/nó teastais:** maidir le dioplómaí a eisíodh i dtíortha nach Ballstáit den Aontas iad, caithfidh siad a bheith aitheanta ag comhlacht oifigiúil de chuid Ballstáit, e.g. roinn oideachais. Cuirfear san áireamh na difríochtaí is féidir a bheith idir córais oideachais.

Maidir le hoideachas iar-mheánscoile agus oiliúint ghairmiúil, oiliúint theicniúil agus sainoiliúint, luaigh na hábhair a ndearnadh staidéar orthu, fad an chúrsa agus cé acu cúrsa lánaimseartha, páirtaimseartha nó rang oíche a bhí ann.

(b) Maidir le **taithí oibre** (má iarrtar sin), ní chuirfear san áireamh í ach amháin sa chás go mbaineann sí le dualgais an phoist agus:

— gur fíorobair éifeachtach a bhí inti;

— gur obair ar íocaíocht a bhí inti;

— go raibh caidreamh íochtaránachta nó soláthar seirbhíse i gceist léi; agus

— faoi réir na gcoinníollacha seo a leanas:

  — **obair dheonach:** más obair ar íocaíocht a bhí inti agus go raibh na huaireanta oibre sa tseachtain agus an fad a mhair an phost ar nós uaireanta oibre agus fad gnáthphoist;

  — **tréimhsí oiliúna**: más tréimhsí oiliúna ar íocaíocht a bhí iontu;

  — **seirbhís mhíleata éigeantach:** is cuma cé acu sular baineadh an dioplóma amach nó ina dhiaidh a rinneadh an tseirbhís mhíleata. Ní chuirfear san áireamh tréimhse níos faide ná an tréimhse atá leagtha síos i ndlí an Bhallstáit i gceist.

  — **saoire mháithreachais/atharthachta/altramais**: má bhí an tsaoire leagtha síos sa chonradh fostaíochta.

  — **dochtúireacht:** trí bliana ar a mhéad a chuirfear san áireamh, ar choinníoll gur baineadh amach an dochtúireacht. Is cuma cé acu obair ar íocaíocht nó obair gan íocaíocht a bhí sa dochtúireacht; agus

  — **obair pháirtaimseartha:** is ar bhonn *pro rata* a ríomhfar obair pháirtaimseartha, ar bhonn an lín uaireanta an chloig a oibríodh, e.g. mheasfaí gur trí mhí oibre obair leathama a mhair sé mhí.

Ní mór bunchóipeanna nó cóipeanna deimhnithe de na nithe seo a leanas a chur ar fáil do gach tréimhse oibre:

— teistiméireachtaí ó iarfhostóirí agus ón bhfostóir reatha ina bhfuil cineál agus leibhéal na ndualgas a rinneadh luaite, dáta tosaigh agus dáta deiridh na tréimhse, agus suaitheantas agus stampa oifigiúil an chomhlachta ar an bpáipéar mar aon le hainm agus síniú an duine a bhí i gceannas; nó

— (mura féidir leat teistiméireachtaí a chur leis an iarratas), **conarthaí fostaíochta agus an chéad duillín pá agus an duillín pá deiridh**, maille le cur síos mionsonraithe ar na dualgais a rinneadh;

— (maidir le taithí oibre gan tuarastal e.g. féinfhostaíocht nó fostaíocht sna gairmeacha liobrálacha) **sonraisc nó foirmeacha ordaithe** ina bhfuil na dualgais a rinneadh sonraithe, nó aon doiciméad tacaíochta oifigiúil eile a bhaineann le hábhar;

— (i gcás comórtais d'ateangairí comhdhála ina n-iarrtar taithí oibre), doiciméid a léiríonn **an líon laethanta** a oibríodh agus a bhain go sonrach le hateangaireacht chomhdhála, agus na **teangacha a ndearnadh ateangaireacht** astu agus go dtí iad.

### 1.4. **Eolas ar theangacha**

I gcomhréir leis na Rialacháin Foirne, ní mór sáreolas ar a laghad (leibhéal C1 de CEFR ([1])) ar cheann de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh agus eolas sásúil (leibhéal B2 de CEFR) ar cheann eile de na teangacha sin a bheith ag iarrthóirí.

Bíonn na riachtanais teanga éagsúil ó phróifíl go chéile; is san fhógra comórtais a bhíonn na riachtanais sin leagtha síos. I gcás próifílí do theangeolaithe go háirithe, is féidir go n-iarrfar eolas breise ar theangacha.

Is gnách nach dteastaíonn aon doiciméid tacaíochta chun d'eolas ar theangacha a chruthú, ach amháin i gcás comórtas do theangeolaithe (féach roinn 1.3) agus sainphróifílí áirithe.

## 2. CONAS IARRATAS A DHÉANAMH

### 2.1. **Na trialacha idirghníomhacha a dhéanamh**

De réir an chomórtais i gceist, féadfar iarraidh ort ceistneoir idirghníomhach féinroghnúcháin agus/nó trialacha idirghníomhacha féinmheasúnúcháin a dhéanamh. Tabharfaidh na nithe sin léargas duit ar an leibhéal a theastaíonn leis na trialacha réamhroghnúcháin a phasáil agus cuideoidh siad leat fios a bheith agat an oirfeadh post in institiúidí an Aontais Eorpaigh duit.

### 2.2. **Cuntas EPSO a chruthú**

Is féidir cuntas a chruthú ar shuíomh gréasáin EPSO (www.eu-careers.eu). Déantar na nithe seo ar an suíomh:

— iarratais a dhéanamh agus stádas iarratas a sheiceáil;

— eolas a fháil ó EPSO; agus

— sonraí pearsanta a stóráil.

Ní ceadmhach ach **aon chuntas EPSO amháin** a chruthú agus ní mór an cuntas sin a úsáid do gach iarratas. Féadfar tú a dhícháiliú ag aon chéim den phróiseas roghnúcháin má fhaigheann EPSO amach gur chruthaigh tú níos mó ná aon chuntas amháin (féach freisin roinn 6.8).

### 2.3. **Iarratas ar líne a dhéanamh**

Ní mór duit d'iarratas a dhéanamh ar shuíomh gréasáin EPSO, i gceann de na teangacha atá sonraithe san fhógra comórtais. I gcás réimsí nó próifílí áirithe a fhoilsítear san am céanna, ní ceadmhach iarratas a dhéanamh ach ar aon réimse amháin nó ar aon phróifíl amháin. Ina leithéid de chás, bíonn sin ráite go soiléir san fhógra comórtais.

---

([1]) *Common European Framework of Reference for Languages* (Comhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha); https://europass.cedefop.europa.eu/resources/european-language-levels-cefr.

De réir an chomórtais i gceist, féadfar iarraidh ort eolas a thabhairt ina dtaobh seo:

— do chuid dioplómaí/cáilíochtaí;

— do chuid taithí oibre (má iarrtar sin);

— an chúis a bhfuil iarratas á dhéanamh agat;

— an t-eolas atá agat ar theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh;

— an taithí agus na cáilíochtaí atá agat a bhaineann le hábhar (féach roinn 3.4); nó

— socruithe speisialta a theastaíonn chun na trialacha a dhéanamh (féach roinn 2.4).

Ní mór na coinníollacha incháilitheachta ar fad, idir ghinearálta agus sonracha, a chomhlíonadh faoin **sprioc-am atá leagtha síos** san fhógra comórtais. Trí d'iarratas a bhailíochtú dearbhaíonn tú ar d'onóir go gcomhlíonann tú na coinníollacha sin. A luaithe a bheidh d'iarratas bailíochtaithe agat, ní fhéadfaidh tú aon athrú eile a dhéanamh air. Fútsa atá sé féachaint chuige go bhfuil an t-iarratas líonta isteach agus bailíochtaithe **faoin sprioc-am**.

### 2.4. **Comhdheiseanna agus socruithe speisialta**

Cuireann EPSO beartas comhdheiseanna i bhfeidhm i ngach próiseas roghnúcháin dá chuid, d'fhonn deimhin a dhéanamh de go gcaitear le gach iarrthóir ar an dóigh chéanna.

Déanann EPSO gach beart is réasúnta chun deimhin a dhéanamh de gur féidir le hiarrthóirí atá faoi mhíchumas nó a bhfuil riachtanais speisialta acu páirt a ghlacadh i gcomórtas ar comhchéim le hiarrthóirí eile.

Má tá tú faoi mhíchumas nó má tá fadhb shláinte agat, agus go bhféadfadh sin bac a chur ort na trialacha a dhéanamh, luaigh sin i d'iarratas agus abair cé na cineálacha socruithe speisialta atá de dhíth ort. Má thagann míchumas nó fadhb shláinte ort i ndiaidh an sprioc-ama le hiarratais a dhéanamh, ní mór duit EPSO a chur ar an eolas a luaithe is féidir é ar an dóigh thíosluaite.

Tabhair do d'aire nach mór duit, chun go gcuirfear d'iarratas san áireamh, teastas ó chomhlacht stáit de chuid do Bhallstáit nó teastas dochtúra a thabhairt do EPSO. Scrúdófar do chuid doiciméad tacaíochta sa chaoi is go bhféadfar freastal réasúnta a dhéanamh ort más gá.

Tá gach eolas is gá le fáil san fhoirm iarratais agus ar shuíomh gréasáin EPSO (www.eu-careers.eu).

Is féidir tuilleadh eolais a fháil ach teagmháil a dhéanamh le foireann inrochtana EPSO:

— trí ríomhphost (EPSO-accessibility@ec.europa.eu);

— facs (+ 32 2299 80 81); nó

— tríd an bpost:

European Personnel Selection Office (EPSO)
EPSO accessibility
Avenue de Cortenbergh/Kortenberglaan 25
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

## 3. PRÓISEAS ROGHNÚCHÁIN

### 3.1. **An bord roghnúcháin**

Ceaptar bord roghnúcháin chun iarrthóirí a chur i gcomparáid le chéile agus na hiarrthóirí is fearr díobh a roghnú ar bhonn inniúlachtaí, buanna, agus cáilíochtaí, i bhfianaise na riachtanas atá leagtha amach san fhógra comórtais. Oifigigh de chuid institiúidí an Aontais a bhíonn ina mbaill de na boird roghnúcháin. Seirbhísí acmhainní daonna na n-institiúidí a ainmníonn leath na mball agus na coistí foirne a ainmníonn an leath eile. Foilsítear ainmneacha bhaill an bhoird roghnúcháin ar shuíomh gréasáin EPSO (www.eu-careers.eu).

### 3.2. **Trialacha réamhroghnúcháin ilrogha ar ríomhaire**

Is é an bord roghnúcháin a chinneann leibhéal deacrachta na dtrialacha ilrogha ar ríomhaire agus a fhaomhann a bhfuil iontu i bhfianaise moltaí ó EPSO. Le ríomhaire a mharcáiltear na trialacha.

I gcás sainphróifílí, ar cuid díobh an roghnú ar bhonn cáilíochtaí (féach roinn 3.4), ní bhíonn trialacha ilrogha ar ríomhaire ann mar chéim réamhroghnúcháin ach amháin má bhíonn an líon iarrthóirí os cionn tairseach áirithe. Is é Stiúrthóir EPSO, ina cháil mar údarás ceapacháin, a shocraíonn an tairseach sin i ndiaidh an sprioc-am le hiarratais a dhéanamh a bheith istigh. Foilsítear an tairseach ar shuíomh gréasáin EPSO (www.eu-careers.eu). I gcás comórtas ina bhfuil roinnt réimsí, is féidir nach ionann an tairseach ó réimse go chéile. Má bhíonn an líon iarrthóirí faoi bhun na tairsí, is le linn imeachtaí an ionaid measúnaithe/chéim an mheasúnaithe a bheidh na trialacha ilrogha ar ríomhaire.

Is féidir na nithe seo a bheith ina gcuid de na trialacha ilrogha ar ríomhaire, de réir na próifíle i gceist:

— **réasúnaíocht bhriathartha:** measúnú ar a ábalta atá tú réasúnú go loighciúil agus faisnéis bhriathartha a thuiscint;

— **réasúnaíocht uimhriúil:** measúnú ar a ábalta atá tú réasúnú go loighciúil agus faisnéis uimhriúil a thuiscint;

— **réasúnaíocht theibí:** measúnú ar a ábalta atá tú réasúnú go loighciúil agus na gaoil idir choincheapa nach bhfuil eilimintí teanga, spásúla nó uimhriúla iontu a thuiscint;

— **breithiúnas suíomhúil:** measúnú ar an dóigh a n-iompraíonn tú tú féin i gcomhthéacs oibre;

— **scileanna teanga**; agus

— **scileanna gairme sonracha**.

Ach amháin má deirtear a mhalairt leat, **ní mór** duit coinne a dhéanamh chun na trialacha ilrogha ar ríomhaire a dhéanamh. Tá míniú ar an dóigh le sin a dhéanamh i do chuntas EPSO agus ar shuíomh gréasáin EPSO (www.eu-careers.eu).

Is é is dóichí go dtairgfear roinnt dátaí duit ar a bhféadfaidh tú na trialacha a dhéanamh, agus roinnt ionad ina bhféadfaidh tú iad a dhéanamh freisin. Bíonn **teorainn** leis na tréimhsí inar féidir an choinne agus na trialacha a dhéanamh. Mura ndéanann tú coinne chun na trialacha a dhéanamh nó mura ndéanann tú na trialacha iad féin, **dícháileofar** ón gcomórtas thú (féach roinn 6.8).

### 3.3. **Seiceálacha incháilitheachta**

Is é EPSO a sheiceálann an gcomhlíonann tú, de réir an eolais a thug tú i d'iarratas, na coinníollacha ginearálta incháilitheachta atá leagtha síos san fhógra comórtais. Is é an bord roghnúcháin a sheiceálann an gcomhlíonann tú na coinníollacha sonracha incháilitheachta. Ach amháin má deirtear a mhalairt san fhógra comórtais, is ag céim níos faide anonn den phróiseas roghnúcháin a dhéanfar an t-eolas a thug tú i d'iarratas a scrúdú i gcomparáid le do chuid doiciméad tacaíochta. Iarrthóirí nach gcomhlíonann na coinníollacha incháilitheachta ar fad atá leagtha síos san fhógra comórtais, díbreofar iad.

Má tá trialacha réamhroghnúcháin ilrogha ar ríomhaire ina gcuid den chomórtas (féach roinn 3.2), is i ndiaidh na dtrialacha sin a dhéanfar an tseiceáil incháilitheachta, (ach amháin má deirtear a mhalairt).

Maidir leis an líon iarrthóirí dá dtabharfar cuireadh chun an chéad chéim eile den phróiseas roghnúcháin, bíonn sin leagtha síos san fhógra comórtais. Sin nó cinneann Stiúrthóir EPSO é ina cháil mar údarás ceapacháin.

Má bhíonn na trialacha ilrogha ar ríomhaire ar siúl roimh ré, déanfar seiceáil incháilitheachta ar chomhaid na n-iarrthóirí, in ord íslitheach na marcanna a ghnóthaigh siad, go dtí go sroichfear an tairseach a leag EPSO síos do gach réimse ina cháil mar údarás ceapacháin. Ní sheiceálfar na comhaid eile.

Mura mbeidh na trialacha ilrogha ar ríomhaire ar siúl roimh ré, déanfar seiceáil incháilitheachta ar chomhaid na n-iarrthóirí ar fad.

Maidir leis an áit dheireanach, i gcás i ngnóthaíonn roinnt iarrthóirí an marc céanna, tugtar cuireadh dóibh ar fad. Ní scrúdófar iarratais na n-iarrthóirí atá faoi bhun na tairsí sin.

### 3.4. **Roghnú ar bhonn cáilíochtaí (*Talent Screener*)**

I gcás fhormhór na sainphróifílí, ní mór d'iarrthóirí céim an *Talent Screener* ("scagthóir buanna") a chur díobh. Is é is feidhm don *Talent Screener* na hiarrthóirí sin a shainaithint is mó a bhfuil a gcáilíochtaí (dioplómaí agus taithí oibre go háirithe) in oiriúint do dhualgais an phoist.

I ngach comórtas freagraíonn na hiarrthóirí ar fad na ceisteanna céanna sa *Talent Screener* san fhoirm iarratais. Dá bharr sin is féidir leis an mbord roghnúcháin buanna gach iarrthóra a mheas ar dhóigh struchtúrtha.

Bíonn céim an *Talent Screener* ann i ndiaidh na seiceálacha incháilitheachta, ach amháin má deirtear a mhalairt san fhógra comórtais. Is ar na hiarrthóirí a chomhlíonann na coinníollacha incháilitheachta ar fad, agus orthu sin amháin, a dhéanann an bord roghnúcháin measúnú. Is ar bhonn na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí ar cheisteanna an *Talent Screener*, **agus ar a bhonn sin amháin,** a dhéanfar an mheasúnú. Dá bhrí sin, ba cheart duit gach eolas a bhaineann le hábhar a thabhairt sa chéim seo, fiú amháin má tá sé luaite i gcodanna eile den fhoirm iarratais.

I dtús báire, tugann an bord roghnúcháin ualú (ó 1 go dtí 3) do gach ceann de cheisteanna an *Talent Screener*, de réir a tábhachta, agus ansin tugtar marc 0 go dtí 4 do gach ceann de do fhreagraí. Ansin, iolraítear na marcanna faoi ualú gach ceiste agus suimítear iad.

Téann na hiarrthóirí is airde marc ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile den chomórtas. Bíonn an líon sin sonraithe san fhógra comórtais agus foilsítear ar shuíomh gréasáin EPSO é freisin. Maidir leis an áit dheireanach, i gcás i ngnóthaíonn roinnt iarrthóirí an marc céanna, téann siad go léir ar aghaidh.

### 3.5. **Trialacha idirmheánacha**

Déanfaidh an bord roghnúcháin ábhar na dtrialacha seo a fhaomhadh. De réir an chomórtais atá i gceist, is féidir go mbeidh na trialacha seo le déanamh:

— **inbhosca ríomhphoist:** triail ar ríomhaire ina n-iarrtar ort roinnt ceisteanna a fhreagairt agus na doiciméid atá ar fáil san inbhosca ríomhphoist á n-úsáid agat chuige sin;

— **réamhthrialacha ateangaireachta:** ateangaireacht chomhuaineach a dhéanamh ar chaint thaifeadta (is féidir gné closamhairc a bheith i gceist sa chaint freisin);

— **trialacha ateangaireachta:** trialacha san ateangaireacht iaruaineach agus san ateangaireacht chomhuaineach;

— **cianagallamh:** is é aidhm na trialach seo do chuid inniúlachtaí sonracha sa réimse i gceist agus/nó do chumas sa chumarsáid ó bhéal i dteanga ar leith a mheas;

— **réamhthrialacha ateangaireachta:** aistriúchán a dhéanamh go príomhtheanga an chomórtais ar théacsanna atá sna teangacha eile a roghnaigh tú don chomórtas; agus/nó

— **trialacha tuisceana teanga**: ceisteanna ilrogha a fhreagairt.

### 3.6. **An t-ionad measúnaithe/céim an mheasúnaithe**

Is gnách gur sa Bhruiséil nó i Lucsamburg a bhíonn trialacha an ionaid measúnaithe/chéim an mheasúnaithe ar siúl, ar feadh lá nó dhá lá. Chun pas inniúlachtaí a fháil agus a bheith i dteideal áit ar an bpainéal, ní mór duit gach triail a dhéanamh. Tástálfar do chuid inniúlachtaí ginearálta (féach roinn 1.1) agus sonracha (i.e. iad sin a bhaineann le dualgais an phoist).

Is é an bord roghnúcháin a fhaomhann ábhar thrialacha an ionaid measúnaithe/chéim an mheasúnaithe. De réir an chomórtais atá i gceist, is féidir go mbeidh na trialacha seo le déanamh:

— **cás-staidéar:** triail scríofa atá bunaithe ar chás samhailteach ina gcaithfidh tú déileáil le fadhbanna éagsúla nó fadhbanna éagsúla a réiteach, agus gan agat chuige sin ach an t-eolas a chuirfear ar fáil;

— **cur i láthair ó bhéal:** triail aonair anailíse agus cur i láthair ina gcaithfidh tú réiteach a mholadh ar fhadhb shamhailteach a bhaineann leis an obair. I ndiaidh duit anailís a dhéanamh ar na doiciméid a thabharfar duit, caithfidh tú do chuid smaointe a chur in iúl do ghrúpa beag daoine;

— **agallamh/agallaimh ar bhonn inniúlachtaí:** cleachtadh aonair arb é is aidhm dó eolas a bhaineann le hábhar a fháil, ar dhóigh struchtúrtha, ar d'inniúlachtaí ginearálta (agus/nó ar d'inniúlachtaí sonracha, i gcás sainchomórtas), ar bhonn na taithí atá agat;

— **cleachtadh i ngrúpa:** i ndiaidh duit staidéar a dhéanamh ar roinnt faisnéise i d'aonar, cuirfear i ngrúpa thú le roinnt rannpháirtithe eile chun bhur gconclúidí a phlé agus chun teacht ar chomhchinneadh;

— **inbhosca ríomhphoist:** triail ar ríomhaire arb é atá ann roinnt ceisteanna a fhreagairt agus doiciméid a bheidh ar fáil san inbhosca ríomhphoist á n-úsáid agat chuige sin;

— **trialacha praiticiúla teanga**;

— **cleachtaí eile a bhaineann le hinniúlachtaí sainiúla**;

— **an triail réasúnaíochta briathartha, an triail réasúnaíochta uimhriúla, an triail réasúnaíochta teibí agus an triail breithiúnais shuíomhúil** (mura ndearnadh na trialacha sin ann ag céim an réamhroghnúcháin).

### 3.7. **Dearbhú incháilitheachta**

Sula gcuirfear ainm iarrthóra ar an bpainéal, dearbhófar go bhfuil sé incháilithe trí scrúdú a dhéanamh ar a chuid doiciméad tacaíochta (féach roinn 4.1). Tiomsaítear an painéal trí incháilitheacht na n-iarrthóirí a sheiceáil, in ord íslitheach, bunaithe ar na marcanna a ghnóthaigh siad i ndiaidh deireadh a bheith le trialacha an ionaid measúnaithe/chéim an mheasúnaithe, go dtí go sroichtear an líon atá á lorg don phainéal. Ní scrúdófar comhaid na n-iarrthóirí atá faoi bhun na tairsí sin.

Cuirfidh EPSO in iúl duit cé na doiciméid tacaíochta nach mór duit a chur ar fáil agus cathain nach mór iad a chur ar fáil. Más sa Bhruiséil atá an t-ionad measúnaithe/céim an mheasúnaithe ar tugadh cuireadh duit freastal air, is é is dóichí go n-iarrfar ort bunchóipeanna de do chuid doiciméad a thabhairt leat ionas go bhféadfar iad a scanadh agus a thabhairt ar ais duit iad an lá céanna. Más in áit eile atá an t-ionad measúnaithe/céim an mheasúnaithe, tabharfar gach eolas is gá sa chuireadh.

Mura mbeidh na doiciméid iomchuí ag dul le d'iarratas ag dearbhú an eolais a thug tú ann, is féidir go ndícháileofar ón gcomórtas thú. Féadfar iarraidh ort, ag céim ar bith den phróiseas roghnúcháin, breis eolais nó breis doiciméad a chur ar fáil.

## 4. IARRTHÓIRÍ AR ÉIRIGH LEO/EARCÚ

### 4.1. **An painéal**

Ní hé is aidhm do na comórtais a eagraíonn EPSO post ar leith a líonadh, ach bunachar ("painéal") a thiomsú óna bhféadfaidh institiúidí an Aontais Eorpaigh daoine a earcú le bheith ina n-oifigeach.

Tiomsaíonn an bord roghnúcháin painéal ar a bhfuil ainmneacha na n-iarrthóirí incháilithe a ghnóthaigh na marcanna is airde. Bíonn an líon iarrthóirí atá á lorg don phainéal leagtha síos san fhógra comórtais. Maidir leis an áit dheireanach, i gcás ina ngnóthaíonn roinnt iarrthóirí an marc céanna, cuirtear iad go léir ar an bpainéal. Ansin seoltar sonraí an phainéil chuig institiúidí an Aontais Eorpaigh. Ní hionann a bheith ar an bpainéal agus **ceart ná ráthaíocht a bheith agat post a fháil**.

Foilsítear ainmneacha na n-iarrthóirí atá ar an bpainéal agus dáta éaga an phainéil in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. I gcásanna áirithe féadfar síneadh a chur le tréimhse bhailíochta an phainéil. Má dhéantar cinneadh síneadh a chur le bailíocht painéil, foilseofar an cinneadh sin ar shuíomh gréasáin EPSO, agus ar an suíomh sin amháin.

Iarrthóirí ar éirigh leo, is féidir leo a iarraidh nach gcuirfear a n-ainm ar an bpainéal a fhoilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Ní mór aon iarraidh dá leithéid a bheith faighte ag EPSO tráth nach déanaí ná 10 lá féilire i ndiaidh do na hiarrthóirí fógra a fháil faoina dtorthaí trína gcuntas EPSO.

4.2. **An pas inniúlachtaí**

Na hiarrthóirí ar fad a dhéanann trialacha uile an ionaid measúnaithe/chéim an mheasúnaithe agus nach ndícháilítear (féach roinn 6.8), gheobhaidh siad "pas inniúlachtaí" ina mbeidh aiseolas cainníochtúil agus cáilíochtúil ar a fheabhas a chruthaigh siad san ionad measúnaithe/ag céim an mheasúnaithe.

Déanfar pas inniúlachtaí iarrthóirí ar éirigh leo a chur ar fáil d'institiúidí an Aontais Eorpaigh chun críocha earcaíochta agus forbairt gairme.

5. CUMARSÁID

5.1. **Cumarsáid a dhéanamh le EPSO**

Ba cheart duit breathnú i do chuntas EPSO **dhá uair sa tseachtain** ar a laghad chun go mbeidh tú ar an eolas faoi dhul chun cinn an chomórtais. Mura féidir leat sin a dhéanamh de dheasca fabht teicniúil ar shuíomh gréasáin EPSO, ba cheart duit scéala a chur in iúl láithreach tríd an roinn *contact us* ("déan teagmháil linn"), ar shuíomh gréasáin EPSO (www.eu-careers.eu).

Forchoimeádann EPSO an ceart gan faisnéis a thabhairt atá luaite cheana go soiléir san fhógra comórtais, in iarscríbhinní an fhógra agus ar shuíomh gréasáin EPSO, sa roinn "ceisteanna coitianta" san áireamh.

I ngach comhfhreagras a bhaineann le hiarratas, iarrtar ort d'**ainm** a lua (an t-ainm a thug tú i d'iarratas), mar aon le d'**uimhir iarratais** agus **uimhir thagartha an phróisis roghnúcháin**.

Cuireann EPSO i bhfeidhm prionsabail an Chóid um Dhea-iompraíocht Riaracháin, arna fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* (http://ec.europa.eu/transparency/code/index_en.htm) Dá réir sin, forchoimeádann EPSO an ceart deireadh a chur le haon chomhfhreagras atá míchuí (i.e. comhfhreagras atá liodánach, tarcaisneach, agus/nó nach mbaineann le hábhar).

5.2. **Cumarsáid a dhéanamh le boird roghnúcháin**

Chun neamhspleáchas an bhoird roghnúcháin a chinntiú, tá diantoirmeasc ar aon duine nach ball den bhord é, iarrthóirí san áireamh, iarracht a dhéanamh dul i dteagmháil le haon cheann de bhaill an bhoird, ach amháin le linn tástálacha, comhthéacs inar gá plé díreach a bheith ag iarrthóirí agus ag an mbord le chéile.

Iarrthóirí ar mian leo a gcás a mhíniú nó a gcearta a éileamh, is i scríbhinn is éigean dóibh sin a dhéanamh, agus aon chomhfhreagras atá acu do bhall ar leith de bhord roghnúcháin, is chuig EPSO is éigean dóibh é a chur. Cuirfidh EPSO ar aghaidh chuig an mbord é. Má dhéanann iarrthóir aon chumarsáid dhíreach nó indíreach ar aon dóigh eile seachas an dóigh sin, is féidir go ndícháileofar ón gcomórtas é.

Meastar gur coinbhleacht leasa cóngas gaoil a bheith idir iarrthóir agus ball de bhord roghnúcháin, go háirithe. Iarrtar ar bhaill bord roghnúcháin aon chóngas dá leithéid a chur in iúl do EPSO a luaithe a fhaigheann siad a fhios sin. Measfaidh EPSO gach cás ar bhonn leithligh agus déanfaidh sé aon bheart is iomchuí. Mura ndéantar sin is féidir go mbeidh mar thoradh air go gcuirfear bearta araíonachta i bhfeidhm ar an mball den bhord roghnúcháin agus go ndícháileofar an t-iarrthóir ón gcomórtas (féach 6.8).

5.3. **Cosaint sonraí**

Ráthaíonn EPSO rúndacht agus sábháilteacht sonraí pearsanta iarrthóirí, i gcomhréir le reachtaíocht an Aontais Eorpaigh maidir le cosaint sonraí príobháideacha. Féadfar sonraí anaithnidithe a úsáid chun taighde eolaíoch a dhéanamh. Tá tuilleadh eolais sa ráiteas príobháideachais maidir le cosaint sonraí i do chuntas EPSO.

5.4. **Rochtain ar fhaisnéis**

Tá cearta sonracha ag iarrthóirí maidir le sonraí pearsanta áirithe a rochtain, cearta atá acu de bharr na hoibleagáide cúiseanna a thabhairt, ionas go bhféadfar achomharc a dhéanamh i gcás nach bhfuil bunús maith le cinneadh diúltú a thabhairt.

Ach i dteannta na hoibleagáide sin cúiseanna a thabhairt, tá rúndacht imeachtaí an bhoird roghnúcháin le cur san áireamh, rúndacht a chinntíonn neamhspleáchas agus oibiachtúlacht an bhoird. Dá bhrí sin, ní féidir an meon atá ag baill aonair de bhord roghnúcháin ná measúnuithe comparáideacha a rinneadh ar iarrthóirí, ní féidir sin a nochtadh.

Na cearta sin atá ag iarrthóirí, is cearta iad a bhaineann go sonrach le hiad a bheith ina n-iarrthóirí i gcomórtas oscailte, agus an reachtaíocht atá ann maidir leis na cearta rochtana atá ag daoine den phobal ar dhoiciméid, d'fhéadfadh sé nach dtiocfadh aisti aon chearta sa bhreis ar na cearta atá luaite sa roinn seo.

5.5. **Faisnéis a nochtar go huathoibríoch**

**Gheobhaidh tú go huathoibríoch** an t-eolas seo ar fad i do chuntas EPSO i ndiaidh gach céim den phróiseas roghnúcháin:

— **na trialacha ilrogha ar ríomhaire:** do thorthaí agus tábla a bhfuil na freagraí a thug tú ann mar aon le huimhir nó tagairt na bhfreagraí cearta. Ní féidir, ar chúinse ar bith, **rochtain a fháil ar théacs ná ar fhreagraí na gceisteanna**;

— **incháilitheacht:** deirtear cé acu ar tugadh cead duit páirt a ghlacadh sa chomórtas nó nár tugadh; murar tugadh an cead sin duit, deirtear cé na coinníollacha incháilitheachta nár comhlíonadh;

— ***Talent Screener*:** do thorthaí agus tábla ina bhfuil ualú gach ceiste, na pointí a tugadh do na freagraí a thug tú agus do scór foriomlán;

— **na réamhthrialacha:** do thorthaí;

— **na trialacha idirmheánacha:** do thorthaí;

— **an t-ionad measúnaithe/céim an mheasúnaithe:** do thorthaí agus do phas inniúlachtaí ina léirítear na marcanna foriomlána a ghnóthaigh tú do gach inniúlacht, agus nótaí tráchta an bhoird roghnúcháin.

Is é is gnáthaí nach nochtann EPSO d'iarrthóirí aon cheann de na téacsanna a úsáideadh sna trialacha ná i gcleachtaí na dtrialacha arae bíonn sé beartaithe iad sin a úsáid arís i gcomórtais eile. I gcás téacsanna áirithe, ámh, is féidir go ndéanfaidh EPSO, ar bhonn eisceachtúil, na téacsanna sin a fhoilsiú ar a shuíomh gréasáin, ar chuntar:

— go bhfuil na trialacha thart;

— go bhfuil na torthaí socraithe agus gur cuireadh in iúl do na hiarrthóirí iad; agus

— nach bhfuil sé beartaithe iad a úsáid arís i gcomórtas eile.

5.6. **Faisnéis a iarraidh**

Is ceadmhach duit cóip **neamhcheartaithe** de do chuid freagraí sna trialacha scríofa a iarraidh, ar chuntar gur ceisteanna iad nach bhfuil sé beartaithe a úsáid arís i gcomórtas eile. Ní dhéanfar, ar chúinse ar bith, freagraí cás-staidéar a chur ar fáil.

Tá scripteanna ceartaithe agus na sonraí marcála, go háirithe, faoi chumhdach rúndacht imeachtaí an bhoird roghnúcháin agus **ní nochtfar iad**.

Féachann EPSO leis an oiread faisnéise is féidir a chur ar fáil d'iarrthóirí, i gcomhréir leis an oibleagáid atá air cúiseanna a thabhairt, le rúndacht imeachtaí an bhoird roghnúcháin agus leis na rialacha maidir le cosaint sonraí pearsanta. Is i bhfianaise na dtosca sin a mheasfar gach iarraidh ar faisnéis.

Is tríd an roinn *contact us* ("déan teagmháil linn") ar shuíomh gréasáin EPSO (www.eu-careers.eu) ba cheart gach iarraidh ar fhaisnéis a dhéanamh, laistigh de dheich lá tar éis fhoilsiú do thorthaí i do chuntas EPSO.

6. GEARÁIN

6.1. **Teagmháil a dhéanamh le EPSO**

Má thagann mórdheacracht theicniúil nó eagraíochtúil romhat ag céim ar bith den phróiseas roghnúcháin, **iarrtar ort EPSO a chur ar an eolas ina thaobh láithreach** sa chaoi is go bhféadfar an cás a bhreathnú agus beart a dhéanamh chun é a leigheas. Tá dhá dhóigh le sin a dhéanamh (moltar an chéad dóigh a úsáid más féidir é):

— leis an bhfoirm theagmhála atá ar shuíomh gréasáin EPSO (www.eu-careers.eu — féach *contact us* ("déan teagmháil linn")); nó

— tríd an bpost:

European Personnel Selection Office (EPSO)
Avenue de Cortenbergh/Kortenberglaan 25
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË

Iarrtar ort d'ainm (an t-ainm a thug tú i d'iarratas) a lua i ngach comhfhreagras, mar aon le d'uimhir iarratais agus uimhir thagartha an phróisis roghnúcháin.

6.2. **Deacrachtaí teicniúla**

I gcás **fadhb a tharla lasmuigh den ionad trialacha** (e.g. fadhb a bhaineann le hiarratas nó coinne a dhéanamh), déan teagmháil le EPSO (féach roinn 6.1) á mhíniú go haicearrach cad í an fhadhb;

I gcás **fadhb a tharla san ionad trialacha** iarrtar ort:

— na feitheoirí a chur ar an eolas ar dtús agus ansin iarraidh ar na feitheoirí an gearán atá agat a chur i scríbhinn; agus

— teagmháil a dhéanamh le EPSO (féach roinn 6.1) á mhíniú go haicearrach cad í an fhadhb.

6.3. **Earráidí sna ceisteanna ilrogha ar ríomhaire**

Déanann EPSO agus na bord roghnúcháin grinnrialú cáilíochta go seasta ar an mbunachar de cheisteanna ilrogha.

Má mheasann tú nár fhéad tú ceann amháin nó níos mó de na ceisteanna ilrogha ar ríomhaire a fhreagairt toisc earráid a bheith inti nó iontu, tá tú i dteideal iarraidh ar an mbord roghnúcháin an cheist nó na ceisteanna a athbhreithniú (faoin "nós imeachta neodrúcháin").

Is féidir go gcinnfidh an bord roghnúcháin an cheist ina bhfuil an earráid a chur ar ceal agus na marcanna a gnóthaíodh a athdháileadh ar na ceisteanna eile. Is d'iarrthóirí a raibh an cheist earráideach le freagairt acu, agus dóibh siúd amháin, a dhéanfaidh an t-athríomh pointí difear. Ní thiocfaidh aon athrú dá thoradh sin ar scéim mharcála na dtrialacha atá leagtha amach san fhógra comórtais.

Ag seo an dóigh le gearán a dhéanamh:

— déan teagmháil le EPSO (féach roinn 6.1) **tríd an bhfoirm theagmhála ar líne, agus tríd an bhfoirm sin amháin**.

— **sprioc-am:** ní mór an gearán a dhéanamh laistigh de **10 lá féilire** tar éis an dáta a rinne tú na trialacha ar ríomhaire;

— **tagairt:** "Gearáin";

— **faisnéis bhreise:** déan cur síos ar an gceist ionas go bhféadfar í a aithint, agus mínigh chomh soiléir agus is féidir cad í an earráid a deirtear a bheith ann.

Gearáin nach bhfuil luaite iontu, cuir i gcás, ach fadhbanna aistriúcháin a deirtear a bheith ann, agus gan aon sonraí eile tugtha, ní ghlacfar leo.

**Iarratais a gheofar i ndiaidh an sprioc-ama agus iarratais nach bhfuil cur síos soiléir iontu ar an gceist a deirtear earráid a bheith inti, ní ghlacfar leo.**

6.4. **Iarrataí ar athbhreithniú**

Féadfaidh tú athbhreithniú a iarraidh ar **aon chinneadh** a rinne an bord roghnúcháin nó EPSO lena gcinntear do thorthaí nó lena gcinntear cé acu a rachaidh tú ar aghaidh go dtí an chéad chéim eile den chomórtas nó a dhíbreofar thú.

Is féidir iarrataí ar athbhreithniú a bheith bunaithe ar:

— míréireacht ábhartha i bpróiseas an chomórtais; agus/nó

— an bord roghnúchán nó EPSO gan na Rialacháin Foirne, an fógra comórtais, iarscríbhinní an fhógra comórtais agus/nó an cásdlí a chomhlíonadh.

Tabhair do d'aire nach ceadmhach duit agóid a dhéanamh in aghaidh bhailíocht aon mheasúnaithe a rinne an bord roghnúcháin ar a fheabhas a chruthaigh tú i dtriail ná in aghaidh a ábhartha atá do cháilíochtaí agus do thaithí oibre. Is breith fiúntais measúnú sin an bhoird roghnúcháin agus ní haon chruthúnas é iarrthóir a bheith ag easaontú leis an mbreith a thug an bord ar a thrialacha, a thaithí agus/nó a cháilíochtaí, ní haon chruthúnas sin go bhfuil earráid déanta ag an mbord. Ní bheidh toradh dearfach ar aon iarrataí ar athbhreithniú a dhéanfar ar an mbonn sin.

Ag seo an dóigh le hiarraidh ar athbhreithniú a dhéanamh:

— déan teagmháil le EPSO (féach roinn 6.1);

— **sprioc-am:** ní mór an iarraidh a dhéanamh laistigh de **10 lá féilire** tar éis an dáta a foilsíodh an cinneadh a bhfuiltear ag cur ina aghaidh;

— **tagairt:** "Gearáin";

— **faisnéis bhreise:** luaigh go soiléir an cinneadh a bhfuil tú ag cur ina aghaidh agus na cúiseanna a bhfuil tú ag cur ina aghaidh.

Laistigh de 15 lá oibre gheobhaidh tú admháil go bhfuarthas d'iarraidh. De réir an tsaghais chinnidh a bhfuil tú ag cur ina aghaidh, scrúdóidh EPSO nó an bord roghnúcháin d'iarraidh agus gheobhaidh tú freagra réasúnaithe a luaithe is féidir é.

**Má bhíonn toradh dearfach ar d'iarraidh, cuirfear isteach sa phróiseas roghnúcháin arís thú ag an gcéim a díbríodh thú.**

### 6.5. **Gearáin riaracháin**

I do cháil mar iarrthóir i gcomórtas oscailte, tá sé de cheart agat gearán riaracháin a chur faoi bhráid Stiúrthóir EPSO ina cháil mar údarás ceapacháin.

Ní fhéadfaidh tú gearán a dhéanamh i gcoinne cinneadh a rinneadh, nó i gcoinne cinneadh nach ndearnadh, a bhfuil tionchar díreach láithreach aige ar do stádas dlí mar iarrthóir, ach amháin más léir gur sáraíodh rialacha an phróisis roghnúcháin. **Ní féidir le Stiúrthóir EPSO breith fiúntais a thug bord roghnúcháin a chur ar ceal** (féach roinn 6.4).

Ag seo an dóigh le gearán riaracháin a dhéanamh:

— déan teagmháil le EPSO (féach roinn 6.1);

— **sprioc-am:** laistigh **de thrí mhí** tar éis fógra a bheith tugtha faoin gcinneadh a bhfuiltear ag cur ina aghaidh nó tar éis an dáta ar cheart cinneadh a bheith déanta roimhe;

— **tagairt:** "Gearáin".

### 6.6. **Achomhairc bhreithiúnacha**

I do cháil mar iarrthóir i gcomórtas oscailte, tá sé de cheart agat achomharc breithiúnach a chur faoi bhráid na Cúirte Ginearálta.

Más mian leat achomharc a dhéanamh i gcoinne cinneadh a rinne EPSO, ní mór duit gearán riaracháin a dhéanamh i dtosach (féach roinn 6.5).

Ag seo an dóigh le hachomharc breithiúnach a dhéanamh:

gabh chuig suíomh gréasáin na Cúirte Ginearálta (http://curia.europa.eu/jcms).

### 6.7. **An tOmbudsman Eorpach**

Is féidir le gach saoránach den Aontas Eorpach agus gach duine atá ina chónaí san Aontas Eorpach gearán a chur faoi bhráid an Ombudsman Eorpaigh.

**Sula ndéanfaidh tú sin, ní mór duit teagmháil a dhéanamh leis na hinstitiúidí agus na comhlachtaí lena mbaineann agus na foirmeáltachtaí riaracháin iomchuí a chomhlíonadh** (féach ranna 6.1–6.5).

Ní bheidh mar thoradh ar ghearán a chur faoi bhráid an Ombudsman síneadh a chur leis na sprioc-amanna atá ann le gearáin riaracháin nó achomhairc bhreithiúnacha a dhéanamh.

Ag seo an dóigh le gearán a chur faoi bhráid an Ombudsman:

— gabh chuig suíomh gréasáin an Ombudsman Eorpaigh (http://www.ombudsman.europa.eu/).

### 6.8. **Dícháiliú**

Féadfar tú a dhícháiliú ag aon chéim den phróiseas roghnúcháin má fhaigheann EPSO amach:

— gur chruthaigh tú níos mó ná cuntas EPSO amháin;

— go ndearna tú iarratas ar theaglaim réimsí nó próifílí nach bhfuil ceadaithe (féach roinn 2.3);

— go ndearna tú ráitis bhréagacha nó ráitis nach bhfuil aon fhianaise ag dul leo mar chruthúnas;

— nach ndearna tú coinne chun na trialacha a dhéanamh nó nach ndearna tú na trialacha iad féin;

— go ndearna tú séitéireacht sa triail;

— gur fhéach tú le dul i dteagmháil le ball den bhord roghnúcháin ar dhóigh neamhúdaraithe;

— nár chuir tú in iúl do EPSO go bhféadfadh coinbhleacht leasa a bheith ann a bhaineann le ball den bhord roghnúcháin;

— gur i dteanga seachas an teanga/na teangacha atá leagtha síos san fhógra comórtais a bhí d'iarratas; agus/nó

— go ndearna tú nó gur scríobh tú sainmharc sna trialacha scríofa nó praiticiúla.

Caithfidh daoine atá ag lorg poist in institiúidí an Aontais Eorpaigh a léiriú go bhfuil siad sár-ionraic. Aon duine a dhéanann calaois nó iarracht ar chalaois, is féidir go ngearrfar pionós air, rud a d'fhéadfadh é a dhéanamh neamh-incháilithe do chomórtais eile ina dhiaidh sin.

Deireadh IARSCRÍBHINN III. Cliceáil anseo chun filleadh ar an bpríomhthéacs.

*IARSCRÍBHINN IV*

## SAMPLAÍ D'ÍOSCHÁILÍOCHTAÍ A FHREAGRAÍONN, I BPRIONSABAL, DO NA CINN A IARRTAR SNA FÓGRAÍ COMÓRTAS

| TÍR | AST-SC 1 go AST-SC 6<br>AST 1 go AST 7 | AST 3 go AST 11 | AD 5 go AD 16 | |
|---|---|---|---|---|
| | Oideachas meánscoile (lenar féidir leanúint ar aghaidh go dtí an t-oideachas iar-mheánscoile) (1) | Oideachas iar-mheánscoile (cúrsa ardoideachais nach cúrsa ollscoile é nó cúrsa gearr ollscoile a mhair 2 bhliain ar a laghad) (1) | Oideachas ar leibhéal ollscoile (a mhair 3 bliana ar a laghad) (2) | Oideachas ar leibhéal ollscoile (a mhair 4 bliana nó níos mó) (2) |
| Belgique —<br>België — Belgien | Certificat de l'enseignement secondaire supérieur (CESS)/Diploma secundair onderwijs<br>Diplôme d'aptitude à accéder à l'enseignement supérieur (DAES)/Getuigschrift van hoger secundair onderwijs<br>Diplôme d'enseignement professionnel<br>Getuigschrift van het beroepssecundair onderwijs | Candidature — Kandidaat<br>Graduat — Gegradueerde<br>Bachelor/Professioneel gerichte Bachelor | Bachelor académique (180 crédits)<br>Academisch gerichte Bachelor (180 ECTS) | Licence/Licentiaat<br>Master<br>Diplôme d'études approfondies (DEA)<br>Diplôme d'études spécialisées (DES)<br>Diplôme d'études supérieures spécialisées (DESS)<br>Gediplomeerde in de Voortgezette Studies (GVS)<br>Gediplomeerde in de Gespecialiseerde Studies (GGS)<br>Gediplomeerde in de Aanvullende Studies (GAS)<br>Agrégation/Aggregaat<br>Ingénieur industriel/Industrieel ingenieur<br>Doctorat/Doctoraal diploma |
| България | Диплома за завършено средно образование | Специалист по … | | Диплома за висше образование<br>Бакалавър<br>Магистър |

| TÍR | AST-SC 1 go AST-SC 6<br>AST 1 go AST 7 | AST 3 go AST 11 | AD 5 go AD 16 | |
|---|---|---|---|---|
| | Oideachas meánscoile (lenar féidir leanúint ar aghaidh go dtí an t-oideachas iar-mheánscoile) ([1]) | Oideachas iar-mheánscoile (cúrsa ardoideachais nach cúrsa ollscoile é nó cúrsa gearr ollscoile a mhair 2 bhliain ar a laghad) ([1]) | Oideachas ar leibhéal ollscoile (a mhair 3 bliana ar a laghad) ([2]) | Oideachas ar leibhéal ollscoile (a mhair 4 bliana nó níos mó) ([2]) |
| **Česká republika** | **Vysvědčení o maturitní zkoušce** | **Vysvědčení o absolutoriu (Absolutorium) + diplomovaný specialista (DiS.)** | **Diplom o ukončení**<br><br>**bakalářského studia (Bakalář)** | **Diplom o ukončení vysokoškolského studia**<br><br>**Magistr**<br><br>**Doktor** |
| **Danmark** | **Bevis for:**<br><br>**Studentereksamen**<br><br>**Højere Forberedelseseksamen (HF)**<br><br>**Højere Handelseksamen (HHX)**<br><br>**Højere Afgangseksamen (HA)**<br><br>**Bac pro: Bevis for Højere Teknisk Eksamen (HTX)** | **Videregående uddannelser**<br><br>**= Bevis for = Eksamensbevis som (erhversakademiuddannelse AK)** | **Bachelorgrad (BA or BS)**<br><br>**Professionsbachelorgrad**<br><br>**Diplomingeniør** | **Kandidatgrad/Candidatus**<br><br>**Master/Magistergrad (mag.art)**<br><br>**Licenciatgrad**<br><br>**ph.d.-grad** |
| **Deutschland** | **Abitur/Zeugnis der allgemeinen Hochschulreife**<br><br>**Fachabitur/Zeugnis der Fachhochschulreife** | | **Fachhochschulabschluss**<br><br>**Bachelor** | **Hochschulabschluss/ Fachhochschulabschluss/ Master**<br><br>**Magister Artium/Magistra Artium**<br><br>**Staatsexamen/Diplom**<br><br>**Erstes Juristisches Staatsexamen**<br><br>**Doktorgrad** |

| TÍR | AST-SC 1 go AST-SC 6<br>AST 1 go AST 7 | AST 3 go AST 11 | AD 5 go AD 16 | |
|---|---|---|---|---|
| | Oideachas meánscoile (lenar féidir leanúint ar aghaidh go dtí an t-oideachas iar-mheánscoile) ([1]) | Oideachas iar-mheánscoile (cúrsa ardoideachais nach cúrsa ollscoile é nó cúrsa gearr ollscoile a mhair 2 bhliain ar a laghad) ([1]) | Oideachas ar leibhéal ollscoile (a mhair 3 bliana ar a laghad) ([2]) | Oideachas ar leibhéal ollscoile (a mhair 4 bliana nó níos mó) ([2]) |
| Eesti | Gümnaasiumi lõputunnistus + riigieksamitunnistus<br>Lõputunnistus kutsekeskhariduse omandamise kohta | Tunnistus keskhariduse baasil kutseskeskhariduse omandamise kohta | Bakalaureusekraad (min 120 ainepunkti)<br>Bakalaureusekraad (< 160 ainepunkti) | Rakenduskõrghariduse diplom<br>Bakalaureusekraad (160 ainepunkti)<br>Magistrikraad<br>Arstikraad<br>Hambaarstikraad<br>Loomaarstikraad<br>Filosoofiadoktor<br>Doktorikraad (120–160 ainepunkti) |
| Éire/Ireland | Ardteistiméireacht, Grád D3, i 5 ábhar<br>Leaving Certificate Grade D3 in 5 subjects<br>Gairmchlár na hArdteistiméireachta (GCAT)<br>Leaving Certificate Vocational Programme (LCVP) | Teastas Náisiúnta<br>National Certificate<br>Gnáthchéim bhaitsiléara<br>Ordinary bachelor degree<br>Dioplóma náisiunta (ND, Dip.)<br>National diploma (ND, Dip.)<br>Ardteastas (120 ECTS)<br>Higher Certificate (120 ECTS) | Céim onóracha bhaitsiléara (3 bliana/180 ECTS) (BA, B.Sc, B.Eng)<br>Honours bachelor degree (3 years/180 ECTS) (BA, B.Sc, B.Eng) | Céim onórach bhaitsiléara (4 bliana/240 ECTS)<br>Honours bachelor degree (4 years/240 ECTS) Céim ollscoile<br>University degree<br>Céim mháistir (60-120 ECTS)<br>Master's degree (60-120 ECTS)<br>Dochtúireacht<br>Doctorate |

| TÍR | AST-SC 1 go AST-SC 6<br>AST 1 go AST 7 | AST 3 go AST 11 | AD 5 go AD 16 | |
|---|---|---|---|---|
| | Oideachas meánscoile (lenar féidir leanúint ar aghaidh go dtí an t-oideachas iar-mheánscoile) ([1]) | Oideachas iar-mheánscoile (cúrsa ardoideachais nach cúrsa ollscoile é nó cúrsa gearr ollscoile a mhair 2 bhliain ar a laghad) ([1]) | Oideachas ar leibhéal ollscoile (a mhair 3 bliana ar a laghad) ([2]) | Oideachas ar leibhéal ollscoile (a mhair 4 bliana nó níos mó) ([2]) |
| Ελλάδα | Απολυτήριο Γενικού Λυκείου Απολυτήριο Κλασικού Λυκείου<br>Απολυτήριο Τεχνικού Επαγγελματικού Λυκείου<br>Απολυτήριο Ενιαίου Πολυκλαδικού Λυκείου<br>Απολυτήριο Ενιαίου Λυκείου<br>Απολυτήριο Τεχνολογικού Επαγγελματικού Εκπαιδευτηρίου | Δίπλωμα επαγγελματικής κατάρτισης (ΙΕΚ) | | Πτυχίο ΑΕΙ (πανεπιστημίου,<br>πολυτεχνείου, ΤΕΙ)<br>Μεταπτυχιακό Δίπλωμα Ειδίκευσης<br>(2ος κύκλος)<br>Διδακτορικό Δίπλωμα (3ος κύκλος) |
| España | Bachillerato + Curso de Orientación Universitaria (COU)<br>Bachillerato<br>BUP<br>Diploma de Técnico especialista | FP grado superior (Técnico superior) | Diplomado/ Ingeniero técnico | Licenciatura<br>Máster<br>Ingeniero<br>Título de Doctor |

| TÍR | AST-SC 1 go AST-SC 6<br>AST 1 go AST 7 | AST 3 go AST 11 | AD 5 go AD 16 | |
|---|---|---|---|---|
| | Oideachas meánscoile (lenar féidir leanúint ar aghaidh go dtí an t-oideachas iar-mheánscoile) [1] | Oideachas iar-mheánscoile (cúrsa ardoideachais nach cúrsa ollscoile é nó cúrsa gearr ollscoile a mhair 2 bhliain ar a laghad) [1] | Oideachas ar leibhéal ollscoile (a mhair 3 bliana ar a laghad) [2] | Oideachas ar leibhéal ollscoile (a mhair 4 bliana nó níos mó) [2] |
| France | Baccalauréat<br>Diplôme d'accès aux études universitaires (DAEU)<br>Brevet de technicien | Diplôme d'études universitaires générales (DEUG)<br>Brevet de technicien supérieur (BTS)<br>Diplôme universitaire de technologie (DUT)<br>Diplôme d'études universitaires scientifiques et techniques (DEUST) | Licence | Maîtrise<br>Maîtrise des sciences et techniques (MST), maîtrise des sciences de gestion (MSG), diplôme d'études supérieures techniques (DEST), diplôme de recherche technologique (DRT), diplôme d'études supérieures spécialisées (DESS), diplôme d'études approfondies (DEA), master 1, master 2 professionnel, master 2 recherche<br>Diplôme des grandes écoles<br>Diplôme d'ingénieur<br>Doctorat |
| Italia | Diploma di maturità (vecchio ordinamento)<br>Perito ragioniere<br>Diploma di superamento dell'esame di Stato conclusivo dei corsi di<br>studio di istruzione secondaria<br>superiore | Diploma universitario (DU)<br>Certificato di specializzazione tecnica superiore/<br>Attestato di competenza (4 semestri) | Diploma di laurea – L (breve) | Diploma di laurea (DL)<br>Laurea specialistica (LS)<br>Master di I livello<br>Dottorato di ricerca (DR) |
| Κύπρος | Απολυτήριο | Δίπλωμα = Programmes offered by Public/Private Schools of Higher Education (for the latter accreditation is compulsory)<br>Higher Diploma | | Πανεπιστημιακό Πτυχίο/Bachelor<br>Master<br>Doctorat |

| TÍR | AST-SC 1 go AST-SC 6<br>AST 1 go AST 7 | AST 3 go AST 11 | AD 5 go AD 16 | |
|---|---|---|---|---|
| | Oideachas meánscoile (lenar féidir leanúint ar aghaidh go dtí an t-oideachas iar-mheánscoile) (1) | Oideachas iar-mheánscoile (cúrsa ardoideachais nach cúrsa ollscoile é nó cúrsa gearr ollscoile a mhair 2 bhliain ar a laghad) (1) | Oideachas ar leibhéal ollscoile (a mhair 3 bliana ar a laghad) (2) | Oideachas ar leibhéal ollscoile (a mhair 4 bliana nó níos mó) (2) |
| Latvija | Atestāts par vispārējo vidējo<br>izglītību<br>Diploms par profesionālo vidējo izglītību | Diploms par pirmā līmeņa profesionālo augstāko izglītību | Bakalaura diploms (min. 120 kredīti) | Bakalaura diploms (160 kredīti)<br>Profesionālā bakalaura diploms<br>Maģistra diploms<br>Profesionālā maģistra diploms<br>Doktora grāds |
| Lietuva | Brandos atestatas | Aukštojo mokslo diplomas<br>Aukštesniojo mokslo diplomas | Profesinio bakalauro diplomas<br>Aukštojo mokslo diplomas | Aukštojo mokslo diplomas<br>Bakalauro diplomas<br>Magistro diplomas<br>Daktaro diplomas<br>Meno licenciato diplomas |
| Luxembourg | Diplôme de fin d'études secondaires et techniques | BTS<br>Brevet de maîtrise<br>Brevet de technicien supérieur<br>Diplôme de premier cycle universitaire (DPCU)<br>Diplôme universitaire de technologie (DUT) | Bachelor<br>Diplôme d'ingénieur technicien | Master<br>Diplôme d'ingénieur industriel<br>DESS en droit européen |
| Magyarország | Gimnáziumi érettségi bizonyítvány<br>Szakközépiskolai érettségi – képesítő<br>bizonyítvány | Felsőfokú szakképesítést<br>igazoló bizonyítvány (Higher<br>Vocational Programme) | Főiskolai oklevél<br>Alapfokozat (Bachelor degree 180 credits) | Egyetemi oklevél<br>Alapfokozat (Bachelor degree 240 credits)<br>Mesterfokozat (Master degree)<br>(Osztatlan mesterképzés)<br>Doktori fokozat |

| TÍR | AST-SC 1 go AST-SC 6<br>AST 1 go AST 7 | AST 3 go AST 11 | AD 5 go AD 16 | |
|---|---|---|---|---|
| | Oideachas meánscoile (lenar féidir leanúint ar aghaidh go dtí an t-oideachas iar-mheánscoile) [1] | Oideachas iar-mheánscoile (cúrsa ardoideachais nach cúrsa ollscoile é nó cúrsa gearr ollscoile a mhair 2 bhliain ar a laghad) [1] | Oideachas ar leibhéal ollscoile (a mhair 3 bliana ar a laghad) [2] | Oideachas ar leibhéal ollscoile (a mhair 4 bliana nó níos mó) [2] |
| Malta | Advanced Matriculation or GCE Advanced level in 3 subjects (2 of them grade C or higher)<br>Matriculation certificate (2 subjects at Advanced level and 4 at Intermediate level including Systems of Knowledge with overall grade A-C) + Passes in the Secondary Education Certificate examination at Grade 5<br>2 A Levels (passes A-C) + a number of subjects at Ordinary level, or equivalent | MCAST diplomas/certificates<br>Higher National Diploma | Bachelor’s degree | Bachelor’s degree<br>Master of Arts<br>Doctorate |
| Nederland | Diploma VWO<br>Diploma staatsexamen (2 diploma’s)<br>Diploma staatsexamen voorbereidend wetenschappelijk onderwijs<br>(Diploma staatsexamen VWO)<br>Diploma staatsexamen hoger algemeen voortgezet onderwijs (Diploma staatsexamen HAVO) | Kandidaatsexamen<br>Associate degree (AD) | Bachelor (WO)<br>HBO bachelor degree<br>Baccalaureus of “Ingenieur” | HBO/WO Master’s degree<br>Doctoraal examen/Doctoraat |
| Österreich | Matura/Reifeprüfung<br>Reife- und Diplomprüfung<br>Berufsreifeprüfung | Kollegdiplom/ Akademiediplom | Fachhochschuldiplom/Bakkalaureus/ Bakkalaurea | Universitätsdiplom/ Fachhochschuldiplom/<br>Magister/Magistra<br>Master<br>Diplomprüfung, Diplom-Ingenieur<br>Magisterprüfungszeugnis Rigorosenzeugnis<br>Doktortitel |

| TÍR | AST-SC 1 go AST-SC 6<br>AST 1 go AST 7 | AST 3 go AST 11 | AD 5 go AD 16 | |
|---|---|---|---|---|
| | **Oideachas meánscoile (lenar féidir leanúint ar aghaidh go dtí an t-oideachas iar-mheánscoile) (1)** | **Oideachas iar-mheánscoile (cúrsa ardoideachais nach cúrsa ollscoile é nó cúrsa gearr ollscoile a mhair 2 bhliain ar a laghad) (1)** | **Oideachas ar leibhéal ollscoile (a mhair 3 bliana ar a laghad) (2)** | **Oideachas ar leibhéal ollscoile (a mhair 4 bliana nó níos mó) (2)** |
| Polska | Świadectwo dojrzałości<br>Świadectwo ukończenia liceum ogólnokształcącego | Dyplom ukończenia kolegium nauczycielskiego<br>Świadectwo ukończenia szkoły policealnej | Licencjat/Inżynier | Magister/Magister inżynier<br>Dyplom doktora |
| Portugal | Diploma de Ensino Secundário/<br>Certificado de Habilitações do Ensino Secundário | | Bacharel Licenciado | Licenciado<br>Mestre<br>Doutorado |
| Republika Hrvatska | Svjedodžba o državnoj maturi<br>Svjedodžba o završnom ispitu | Stručni pristupnik/pristupnica | Baccalaureus/Baccalaurea (sveučilišni prvostupnik/prvostupnica) | Baccalaureus/Baccalaurea (sveučilišni prvostupnik/prvostupnica)<br>Stručni specijalist<br>Magistar struke<br>Magistar inženjer/magistrica inženjerka (mag. ing)<br>Doktor struke<br>Doktor umjetnosti |
| România | Diplomă de bacalaureat | Diplomă de absolvire<br>(Colegiu universitar)<br>învățământ preuniversitar | Diplomă de licență | Diplomă de licență<br>Diplomă de inginer<br>Diplomă de urbanist<br>Diplomă de master<br>Certificat de atestare (studii academice<br>postuniversitare)<br>Diplomă de doctor |

| TÍR | AST-SC 1 go AST-SC 6<br>AST 1 go AST 7 | AST 3 go AST 11 | AD 5 go AD 16 | |
|---|---|---|---|---|
| | Oideachas meánscoile (lenar féidir leanúint ar aghaidh go dtí an t-oideachas iar-mheánscoile) (1) | Oideachas iar-mheánscoile (cúrsa ardoideachais nach cúrsa ollscoile é nó cúrsa gearr ollscoile a mhair 2 bhliain ar a laghad) (1) | Oideachas ar leibhéal ollscoile (a mhair 3 bliana ar a laghad) (2) | Oideachas ar leibhéal ollscoile (a mhair 4 bliana nó níos mó) (2) |
| Slovenija | Maturitetno spričevalo<br>(spričevalo o poklicni maturi)<br>(spričevalo o zaključnem izpitu) | Diploma višje strokovne šole | Diploma o pridobljeni visoki strokovni izobrazbi | Univerzitetna diploma/magisterij/specializacija/doktorat |
| Slovensko | Vysvedčenie o maturitnej skúške | Absolventský diplom | Diplom o ukončení bakalárskeho štúdia (Bakalár) | Diplom o ukončení vysokoškolského štúdia<br>Bakalár (Bc.)<br>Magister<br>Magister/Inžinier<br>ArtD. |
| Suomi/Finland | Ylioppilastutkinto tai peruskoulu + kolmen vuoden ammatillinen koulutus – Studentexamen eller grundskola + treårig yrkesinriktad utbildning<br>(Betyg över avlagd yrkesexamen på andra stadiet)<br>Todistus yhdistelmäopinnoista<br>(Betyg över kombinationsstudier) | Ammatillinen opistoasteen tutkinto – Yrkesexamen på institutnivå | Kandidaatin tutkinto – Kandidatexamen/ Ammattikorkeakoulututkinto –<br>Yrkeshögskoleexamen (min. 120 opintoviikkoa – studieveckor) | Maisterin tutkinto – Magisterexamen/<br>Ammattikorkeakoulututkinto –<br>Yrkeshögskoleexamen (min. 160 opintoviikkoa – studieveckor)<br>Tohtorin tutkinto (Doktorsexamen) joko 4 vuotta tai 2 vuotta lisensiaatin tutkinnon jälkeen – antingen 4 år eller 2 år efter licentiatexamen<br>Lisensiaatti/Licentiat |

| TÍR | AST-SC 1 go AST-SC 6<br>AST 1 go AST 7 | AST 3 go AST 11 | AD 5 go AD 16 | |
|---|---|---|---|---|
| | Oideachas meánscoile (lenar féidir leanúint ar aghaidh go dtí an t-oideachas iar-mheánscoile) ([1]) | Oideachas iar-mheánscoile (cúrsa ardoideachais nach cúrsa ollscoile é nó cúrsa gearr ollscoile a mhair 2 bhliain ar a laghad) ([1]) | Oideachas ar leibhéal ollscoile (a mhair 3 bliana ar a laghad) ([2]) | Oideachas ar leibhéal ollscoile (a mhair 4 bliana nó níos mó) ([2]) |
| Sverige | Slutbetyg från gymnasieskolan<br>(3-årig gymnasial utbildning) | Högskoleexamen (80 poäng)<br>Högskoleexamen, 2 år, 120 högskolepoäng<br>Yrkeshögskoleexamen/<br>Kvalificerad yrkeshögskoleexamen, 1–3 år | Kandidatexamen (akademisk examen omfattande minst 120 poäng, varav 60 poäng fördjupade studier i ett ämne + uppsats motsvarande 10 poäng)<br>Meriter på grundnivå:<br>Kandidatexamen, 3 år, 180 högskolepoäng (Bachelor) | Magisterexamen (akademisk examen omfattande minst 160 poäng, varav 80 poäng fördjupade studier i ett ämne + uppsats motsvarande 20 poäng eller två uppsatser motsvarande 10 poäng vardera)<br>— Licentiatexamen<br>— Doktorsexamen<br>Meriter på avancerad nivå:<br>— Magisterexamen, 1 år, 60 högskolepoäng<br>— Masterexamen, 2 år, 120 högskolepoäng<br>Meriter på forskarnivå:<br>— Licentiatexamen, 2 år, 120 högskolepoäng<br>— Doktorsexamen, 4 år, 240 högskolepoäng |
| United Kingdom | General Certificate of Education Advanced level — 2 passes or equivalent (grades A to E)<br>BTEC National Diploma<br>General National Vocational Qualification (GNVQ), advanced level<br>Advanced Vocational Certificate of Education, A level (VCE A level) | Higher National Diploma/Certificate (BTEC)/SCOTVEC<br>Diploma of Higher Education (DipHE)<br>National Vocational Qualifications (NVQ)<br>Scottish Vocational Qualifications (SVQ) level 4 | (Honours) Bachelor degree<br>NB: Master's degree in Scotland | Honours Bachelor degree<br>Master's degree (MA, MB, MEng, MPhil, MSc)<br>Doctorate |

([1]) Is féidir go mbeidh coinníoll breise i gceist do na grúpaí feidhme AST-SC agus AST, is é sin 3 bliana ar a laghad de thaithí oibre iomchuí.
([2]) Tá coinníoll breise i gceist do na gráid AD 6 go AD 16, is é sin bliain amháin ar a laghad de thaithí oibre iomchuí.

Deireadh IARSCRÍBHINN IV. Cliceáil anseo chun filleadh ar an bpríomhthéacs.

ISSN 1977-107X (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2458 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh
2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA